

# ETB Dhún na nGall



## Lean ar Aghaidh



## Ráiteas Straitéise 2017-2021



**etb**

Bord Oideachais agus  
Oiliúna Dhún na nGall  
*Donegal Education and  
Training Board*



# Clár na nÁbhar

Focal ón Phríomhfheidhmeannach agus ón Chathaoirleach	03
ETB Dhún na nGall – An Comhthéacs	05
ETB Dhún na nGall – Creatlach Reachtach	08
Fís – ETB Dhún na nGall	10
Misean – ETB Dhún na nGall	10
ETB Dhún na nGall: Croíluachanna a chuireann taca faoin Phróiseas Pleanála	11
ETB Dhún na nGall agus an Timpeallacht atá ag athrú	13
Eochairthéamaí d’ETB Dhún na nGall (2017-2021)	14
Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht	16
Conclúid	17



# Réamhrá

## Focal ón Phríomhfheidhmeannach agus ón Chathaoirleach

Agus muid ag ullmhú an Ráitis Straitéise, chuaigh ETB Dhún na nGall i gcomhairle lenár gcomhpháirtithe oideachais agus leis an phobal i gcoitinne le fáil amach cad ba chóir a bheith san áireamh inár gcuid pleanála, cad ba chóir dúinn a chur in ord tosaíochta agus cén dóigh ar chóir dúinn na cuspóirí sin a chur i bhfeidhm i dtéarmaí oideachais thar na cúig bliana eile.

Dhírigh *Lean ar Aghaidh* ar Eochairthéamaí le haghaidh a thabhairt ar na dúshlán is dócha a bheidh ann idir seo agus 2021, go háirithe i dtéarmaí pleanála le haghaidh athruithe i dtéarmaí eacnamaíochta, polaitíochta, sóisialta agus teicneolaíochta.

Is mian linn buíochas ó chroí a ghabháil leo siúd a bhí páirteach in ullmhú an doiciméid seo agus iad siúd a bhí páirteach sa phróiseas comhairliúcháin le cuidiú linn pleanáil le haghaidh oideachais agus oiliúna don chéad chúig bliana eile agus le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ár gcuid pleanála.

Fad is nach féidir gach uile rud a thuar ná pleanáil faoi choinne gach rud a d'fhéadfadh tarlú, go háirithe san aeráid reatha eacnamaíochta atá ag athrú agus ag teacht chuige féin, déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise le haghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí laistigh den chreat reachtach de réir mar a thiocfaidh siad aníos.

Muidne, le meas,



Anne McHugh  
Príomhfheidhmeannach  
ETB Dhún na nGall



Cllr Rena Donaghey  
Cathaoirleach  
ETB Dhún na nGall



# An Comhthéacs

Ar an 1 Iúil 2013 tháinig deireadh le Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall agus cuireadh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (ETB Dhún na nGall) ina áit. Aistríodh an soláthar oiliúna a bhíodh ag FÁS agus a chuid feidhmeanna uilig chuig ETB Dhún na nGall níos moille an bhliain dar gcionn.

B'ionann sin agus an t-athrú ba mhó ar infreastruchtúr oideachais na hÉireann le fada an lá. Tá feidhmeanna breise ag ETB Dhún na nGall anois de thairbhe gur bronnadh na feidhmeanna oiliúna a bhíodh ag FÁS air. Tá sainchúram ETB Dhún na nGall i bhfad níos leithne anois. Is é ETB Dhún na nGall an comhlacht reachtúil laistigh den chontae atá freagrach as oideachas agus oiliúint a sholáthar i scoileanna dara leibhéal (15), soláthar breisoideachais, ionaid oideachais (scéimeanna litearthachta agus oideachais aosaigh), Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin, an Chomhpháirtíocht Cheoil agus an fheidhm shuntasach oiliúna a eascraíonn as an imeascadh. Tá ETB Dhún na nGall freagrach as formhór an tsoláthair oiliúna anois fosta, soláthar a bhíodh ag FÁS.

Bunóidh agus cothóidh ETB Dhún na nGall scoileanna agus ionaid le haghaidh oideachais agus déanfaidh sé pleanáil, soláthar, comhordú agus athbhreithniú maidir le soláthar oideachais agus oiliúna laistigh dá gceantair sheirbhíse. Ina theannta sin éileofar orthu (faoi stiúir ón Aire Oideachais agus Scileanna) seirbhísí tacaíochta a sholáthar do sholáthraithe eile oideachais agus oiliúna. I measc na dtacaíochtaí a d'fhéadfadh siad a chur ar fáil tá: tionscadail chaipitil agus talamh, acmhainní daonna, seirbhísí airgeadais, seirbhísí dlí, TFC agus rialachas corparáideach.

Maidir le seirbhísí agus tacaíochtaí, éilíonn an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna ar ETB Dhún na nGall Ráiteas Straitéise cúig bliana (tosaíochtaí, cuspóirí agus straitéisí) a ullmhú, glacadh leis agus é a fhoilsiú. Tá ceangal reachtúil ar ETB Dhún na nGall a éilíonn air glacadh le Plean Seirbhíse bliantúil (seirbhísí atá beartaithe, le hioncam agus caiteachas measta) agus Tuarascáil Bhliantúil (le tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht a chuid feidhmeanna) agus iad a fhoilsiú.

Tá ETB Dhún na nGall freagrach do SOLAS go príomha fosta maidir le seachadadh réimse seirbhísí oiliúna ar ghnách le FÁS iad a sholáthar. Éilítear ar ETB Dhún na nGall Comhaontú Seirbhíse bliantúil (CS/SLA) a shíniú le SOLAS, ag leagan amach na spriocanna oiliúna agus gealltanais.

Tá ceanncheathrú ETB Dhún na nGall lonnaithe i Leitir Ceanainn agus is fostóir suntasach é laistigh den chontae le foireann iomlán de thuarim is 1500. Tá thart ar 600 ball foirne fostaithe go lánaimseartha agus tá 900 fostaithe go páirtaimseartha. Tá an Príomhfheidhmeannach (PF) freagrach as bainistíocht feidhmiúcháin an ETB agus tá freagracht fhoriomlán uirthi as feidhmíocht na scoileanna, na gcoláistí agus na n-ionad de chuid an ETB. Tá triúr stiúrthóirí ceaptha agus tá freagrachtaí orthu faoi na trí réimse seo a leanas:



- a) Scoileanna;
- b) Breisoideachas agus Oiliúint agus
- c) Forbairt Eagraíochta agus Tacaíocht.



Tá na hOifigí Riaracháin Iárnach in obair ETB Dhún na nGall agus feidhmíonn siad mar an croílár le haghaidh na seirbhísí agus na n-ionad uilig de chuid ETB. Seachadtar na feidhmeanna Riaracháin trí struchtúr trí-shnáithe, a bhfuil Acmhainní Daonna, Airgeadas agus Seirbhísí Corparáideacha (lena n-áirítear Bainistíocht Eastát agus Tacaíocht Mic Léinn) mar pháirt de, faoin Stiúrthóir Eagraíochta, Tacaíochta agus Forbartha.



Tá príomhoidí agus bainisteoirí na scoileanna/gcoláistí/n-ionad seo freagrach as iad a bhainistiú ó lá go lá. Tá 21 ball ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus buaileann siad le chéile ar bhonn rialta. Cuireann ETB Dhún na nGall Plean Seirbhíse bliantúil faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Oiliúna.



Tá achoimre ar an réimse iomlán seirbhísí a chuireann ETB Dhún na nGall ar fáil le feiceáil sa léaráid ar an chéad leathanach eile.



**15**  
Scoil  
agus  
Coláiste

Breisoideachas  
agus  
Oiliúna

Ionad  
Oideachais  
agus Oiliúna  
Allamuigh  
Ghartáin

**ETB**  
Dhún na nGall

Seirbhísí  
Óige

An  
Chomhpháirtíocht  
Cheoil

Faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna is údaráis reachtúla iad na ETBanna atá freagrach as oideachas agus oiliúint, obair óige agus réimse feidhmeanna reachtúla eile. Bainistíonn agus reáchtálann ETBanna scoileanna dara leibhéal, coláistí breisoideachais, scoileanna náisiúnta pobail ilchreidmheacha agus réimse ionad oideachais aosaigh agus breisoideachais a sheachadann cláir oideachais agus oiliúna.

Is iad na gnáthfheidhmeanna atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna, mar atá sonraithe faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, ná:

- a) scoileanna aitheanta, lárionaid oideachais agus saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
- b) nuair a ordóidh an tAire dó déanamh amhlaidh:
  - i. scoileanna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
  - ii. lárionaid oideachais a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
  - iii. lárionaid oideachais nó scoileanna aitheanta a chothabháil ina limistéar feidhme, agus
  - iv. saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú, a chothabháil nó a acmhainniú ina limistéar feidhme,
- c) oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críocha fostaíochta, agus seirbhísí atá coimhdeach i ndáil leis an gcéanna a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú, agus soláthar an chéanna a athbhreithniú ina limistéar feidhme sna suíomhanna seo a leanas:
  - i. scoileanna aitheanta nó i lárionaid oideachais arna gcothabháil aige,
  - ii. áiseanna oideachais nó oiliúna arna gcothabháil aige nó a gcuireann sé acmhainní ar fáil dóibh
  - iii. scoileanna coinneála páistí,
  - iv. príosúin, agus
  - v. áiseanna a gcuireann comhlachtaí seirbhíse poiblí eile acmhainní ar fáil dóibh



- d) socruithe a dhéanamh le soláthraithe oideachais nó oiliúna agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar dóibh,
- e) scoláireachtaí a bhunú,
- f) glacadh le ráiteas straitéise,
- g) glacadh le plan seirbhíse bliantúil,
- h) comhoibriú le haon chomhlacht a bheidh ainmnithe chun feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí a chur i gcrích,
- i) oideachas agus oiliúint a sholáthar ar iarraidh ó aon chomhlacht, agus thar ceann aon chomhlacht, a dhéanann oiliúint a mhaoiniú as airgead arna sholáthar don chomhlacht sin ag an Oireachtas,
- j) tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú seirbhísí oibre óige ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil leis an tacaíocht sin a thabhairt, agus
- k) measúnú a dhéanamh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil an modh ar a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach.

## An Straitéis a Fhorbairt

Faoi Alt 27 den Acht ETB (2013) tugtar treoir do gach ETB Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird. Agus ETB Dhún na nGall ag ullmhú an Ráitis Straitéise seo chuaigh sé i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara seo a leanas:

- a) Boird Bhainistíochta,
- b) Ionaid/Ionaid Oiliúna gan Bhord,
- c) baill foirne,
- d) mic léinn/foghlaimeoirí,
- e) tuismitheoirí, comhlachtaí a bhí ag déanamh ionadaíochta do lucht gnó/lucht tionsclaíochta agus fostóirí,
- g) páirtithe leasmhara eile ar dhírigh Bord ETB Dhún na nGall aird orthu. Cuireadh an ráiteas straitéise *Lean ar Aghaidh* le chéile bunaithe ar an mhéid a tháinig chun cinn sa phróiseas comhairliúcháin.

# Misean

ETB Dhún na nGall

*‘Oideachas agus oiliúint inrochtana agus uileghabhálach a chur chun cinn, a chur ar fáil agus tacú leis a chumasaíonn daoine óga agus daoine fásta barr a gcumais a bhaint amach i dtimpeallacht shábháilte agus chomhbhách’*

# Fís

ETB Dhún na nGall

*‘Feabhas i seachadadh seirbhíse oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán agus foghlaimoirlárnach’*



Priomhoidí le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall leis an Dr. Mairtín Ó Ghormáille, Stiúrthóir Scoileanna agus an tUasal Séamus MacFhloinn, Stiúrthóir Thacaíocht agus Fhorbairt na hEagraíochta

# Croíluchanna

ETB Dhún na nGall

## ETB Dhún na nGall: Bunluachanna a Chuireann Taca Faoin Phróiseas Pleanála

Shainaithin an Eagraíocht bunluachanna a chuireann taca faoi obair ETB Dhún na nGall agus a bhaineann le hobair na heagraíochta le mic léinn/foghlaimoirí, le baill foirne agus leis an phobal. Tá na bunluachanna sin leagtha amach thíos maidir le: mic léinn/foghlaimoirí/daoine faoi oiliúint, baill foirne agus an pobal.

Déanfaidh ETB Dhún na nGall na bearta seo a leanas:

### Mic Léinn/Foghlaimoirí/Daoine faoi Oiliúint

- Glacadh le cur chuige iomlánaíoch maidir le foghlaim le haghaidh gach mac léinn/foghlaimoir/duine faoi oiliúint
- Gach mac léinn/foghlaimoir/duine faoi oiliúint a éascú le barr a c(h)umais a bhaint amach trí réimse cuimsitheach de sheirbhísí oideachais agus oiliúna a chur ar fáil
- Meas a léiriú ar gach mac léinn/foghlaimoir/duine faoi oiliúint
- Comhionannas rochtana agus torthaí a chinntiú do gach mac léinn agus do gach duine a d'fhéadfadh a bheith ina mhac léinn

### Baill Foirne

- Meas a léiriú ar na baill foirne mar phríomhacmhainn na heagraíochta agus timpeallachtaí oibre dearfacha a spreagadh
- Glacadh le tionscnaimh agus le nuálaíochtaí ar mhaithe le seirbhís oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sheachadadh, seirbhís ina bhfuil an mac léinn lárnach
- Tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach ar ardchaighdeán a chur ar fáil
- Oibriú le compháirtithe cuí ar bhealach comhtháite.

### Pobal

- Caidrimh agus comhpháirtíochtaí dearfacha a chothú, a fhorbairt agus a choinneáil le tuismitheoirí, eagraíochtaí, gníomhaireachtaí agus pobail
- A chinntiú go bhfuil gach próiseas cinnteoireachta trédhearcach.



Lá Bliantúil na nGradam ag an Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall



An tUasal Ciarán Ó Cuinneagáin ag caint ag Seachtain Dhigiteach Dhún na nGall.



Foireann Bhainistíochta Bhreisoideachais agus Oiliúna agus Cróna Ní Ghallchóir, Stiúthóir Bhreisoideachais agus Oiliúna.



ETB Dhún na ngall – Cór 'Aon-Ghuth'



Foireann Bhreisoideachais agus Oiliúna rannphairteach i bhForbairt Ghairmmiúil Leanúnach



Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn

# Athrú

## ETB Dhún na nGall agus an Timpeallacht atá ag Athrú

Agus é ag cur réimse seirbhísí ar fáil, téann fachtóirí seachtracha i bhfeidhm ar ETB Dhún na nGall, agus níl aon smacht aige ar roinnt mhaith acu. Mar sin féin, tá sé tábhachtach aitheantas cuí a thabhairt ar na fachtóirí uilig agus straitéis á hullmhú don chéad chúig bliana eile. Ar bhealach amháin chuidigh sé sin le treochtaí, tionchair agus athruithe a bheidh ag tarlú roimh i bhfad a aithint.

Tá achoimre ar na fachtóirí timpeallachta a d'fheadfadh a bheith ann agus a rachadh i bhfeidhm ar ETB Dhún na nGall thar na blianta atá le teacht leagtha amach thíos:

### (i) Fachtóirí Polaitiúla

- Rialtas Mionlaigh a bhfuil Fine Gael i gceannas air
- Feidhmeanna breise bronnta ar ETBanna
- Struchtúr eagraíochtúil Ardbhainistíocht ETB Dhún na nGall
- Cuíchóiriú déanta ag an Rialtas ar sheirbhísí
- Comhlíonadh gach riachtanais reachtúil
- Athruithe agus forbairtí reachtaíochta a d'fheadfadh tarlú

### (ii) Fachtóirí Eacnamaíochta

- Athrú i gcúinsí eacnamaíochta
- Seans go dtiocfaidh méadú ar dheiseanna fostaíochta
- Srianata leanúnacha ar earcaíocht
- Athruithe ar bhoinn eacnamaíochta agus athruithe ar riachtanais scileanna dá bharr
- Breatimeacht

### (iii) Fachtóirí Sóisialta

- Athrú déimeagrafach sa tír
- Pobail Ghaeltachta agus pobail na n-oileán i nDún na nGall
- Athrú ar phróifíl na bhfoghlaimoírí
- Athrú ar phatrúin maidir le hobair theaghlaigh
- Mórcheantar geografach tuaithe


### (iv) Fachtóirí Teicneolaíochta

- Níos mó úsáide á baint as na meáin shóisialta
- Ráta gasta athraithe i bhforbairt na teicneolaíochta
- Méadú ar acmhainneacht TF le réimse leathan seirbhísí agus oibre a sheachadadh (m.sh. foghlaim ar líne, néalríomhaireacht)
- Gá leanúnach le monatóireacht agus le slándáil a bhainistiú maidir le gach gnó atá TF-bhunaithe agus ar na torthaí gaolmhara.

# Eochairthéamaí

## Eochairthéamaí d'ETB Dhún na nGall (2016-2021)

I ndiaidh anailís chuimsitheach a dhéanamh ar an Eagraíocht a scrúdaigh na láidreachtaí, na laigí, na dúshláin agus na deiseanna tháinig 3 eochairthéama chun cinn a bhfuil achoimre orthu thíos. Faoi gach téama tá achoimre ar na tosaíochtaí soiléire agus ar na torthaí gaolmhara.



Coláiste Ghleann na Finne,  
Srath an Urláir



## TEAGASC & FOGHLAIM

	TOSAÍOCHTAÍ	TORTHAÍ
1	Cláir oideachais agus oiliúna a thairiscint le seirbhísí tacaíochta a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaoine aonair, na sochaí agus an gheilleagair, riachtanais atá ag athrú go gasta.	Cuirtear cláir oideachais fhreagrúla ar fáil i ngach scoil, coláiste agus ionad.
2	Na tionscnaimh úra a bhaineann le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT/TEL), Ceannaireacht Teagaisc (CT/IL), Cleachtais Athchóirithe, Comhoibriú, Ionduchtú agus Monatóireacht Múinteoirí a chomhtháthú in eochairchláir.	Caighdeáin fheabhsaithe i dTeagasc agus Foghlaim i scoileanna, i gcoláistí agus in ionaid.
3	Glacadh leis na coincheapa úra i gClár úr na Sraithe Sóisearaí inár gcuid scoileanna, coláistí agus ionad.	Beidh mic léinn a bhfuil níos mó muiníne agus scileanna foghlama neamhspleácha acu ábalta staidéar a dhéanamh ar na hábhair atá leagtha síos agus ar ghearrchúrsaí cuí.
4	Forbairt scileanna inaistrithe (lítearthacht, uimhearthacht, scileanna idirphearsanta, srl.) a chomhtháthú laistigh de gach clár oideachais agus oiliúna.	Buíon foirne a fhorbairt le tacú le scileanna inaistrithe a chomhtháthú i gcláir oideachais.
5	Caighdeáin cháilíochta a choinneáil agus a fheabhsú trasna na gclár oideachais ar fad atá againn.	Tá creataí dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm do gach clár atá á thairiscint ag ETB Dhún na nGall.
6	Rannpháirtíocht I Scéim Aitheantia Scoileanna Gaeltachta (Ceithre Scoil) trí Ghaeilge an úsáid, a chur chun cinn agus a dhainiú sa scoil agus sa phobal Gaeltachta áitiúil.	Forbraítear plean gníomhaíochta feabhsuicháin a leagann amach cén dóigh ina gcomhleanaidh as scoil na critéir theanga – bhunaithe, mar atá leagtha amach sa Scéim.

## EAGRAÍOCHT FHÓRASACH, FHREAGRACH

	TOSAÍOCHTAÍ	TORTHAÍ
7	Na struchtúir úra eagraíochtúla a chur i bhfeidhm le ETB Dhún na nGall a chumasú le feidhmeanna úra agus feabhsaithe a chur i gcrích.	Eagraíocht atá ábalta seirbhís a chur ar fáil a bhaineann le feidhmeanna úra agus feabhsaithe do ETBanna a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus riarachán.
8	Athbhreithniú leanúnach ar na riachtanais reachtacha / rialachais a bhaineann le hoibríochtaí ETB Dhún na nGall agus a chinntiú go gcuirfead na torthaí i bhfeidhm.	Lánchomhlíonadh gach riachtanais reachtaigh agus rialachais a bhaineann le ETB Dhún na nGall.
9	Mar gheall ar chomhtháthú leanúnach na seirbhísí oideachais agus oiliúna, sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar thosaíochtaí eagraíochtúla agus ar róil phoist dá réir.	Fianaise shoiléir de chórais éifeachtacha, de chaidrimh oibre agus de róil phoist laistigh d'ETB Dhún na nGall.
10	Réimse deiseanna foghlama agus tacaíochtaí a chur ar fáil do bhaill foirne le cur le hacmhainn na heagraíochta agus le cur le caighdeán an tsoláthair oideachais agus oiliúna.	Eagraíocht dhinimiciúil a fhreagraíonn go gasta agus go héifeachtach ar athruithe.
11	Teicneolaíochtaí úra agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid le cur le tacaíocht agus le forbairt eagraíochtúil.	Níos mó úsáide á baint as Teicneolaíochtaí cuí Eolais & Cumarsáide ag gach ball foirne.
12	Straitéis cumarsáide shoiléir agus éifeachtach a fhorbairt d'ETB Dhún na nGall.	Tá níos mó iontaobhe agus tuisceana ag na páirtithe leasmhara ar fad ar ETB Dhún na nGall agus a ról, a chuid freagrachtaí agus seirbhísí.

## AG OBAIR LE COMHPHÁIRTITHE

	TOSAÍOCHTAÍ	TORTHAÍ
13	Tógáil ar chaidrimh atá bunaithe cheana féin le grúpaí áitiúla pobail agus le comhpháirtithe cuí deonacha, reachtúla trasteorann agus gnó le hoibriú i dtreo comhspricanna.	Comhpháirtíochtaí láidrithe ag soláthar cuir chuige atá níos dírithe ar dheiseanna foghlama agus fostaíochta.
14	Tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú ar sheirbhísí oibre don aos óg ar fud an Chontae.	Tuilleadh forbartha ar obair óige ar ardchaighdeán sa Chontae.

# Cur i bhfeidhm agus Monatóireacht

Déanfaidh an Grúpa Ceannaireachta Feidhmiúcháin laistigh d'ETB Dhún na nGall, a mbíonn cruinnithe míosúla acu, monatóireacht ar chur i bhfeidhm na mbearta tosaíochta. Cinnteoidh an triúr Stiúrthoirí laistigh den struchtúr eagraíochtúil go ndéanfar na bearta éagsúla trí na struchtúir bhainistíochta.



# Conclúid

De thairbhe go bhfuil feidhmeanna oiliúna á ndaingniú laistigh d'ETB Dhún na nGall ciallóidh sé sin go mbeidh ról breisithe don eagraíocht le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an saol in Éirinn sa 21ú haois. De thairbhe gur cuireadh le freagrachtaí ETB Dhún na nGall le feidhmeanna oiliúna a chur san áireamh mar aon le rialachas oideachais agus scoile agus cúrsaí bainistíochta, tiocfaidh athrú ar an struchtúr agus ar chleachtais oibre laistigh den eagraíocht agus cuirfear leo siúd le freastal ar na cúraimí úra sin. De thairbhe go gcuireann an dá Acht taca faoin phacáiste leasuithe struchtúracha seo léiríonn sé go bhfuil leasú ó bhonn á dhéanamh ar an earnáil oideachais agus oiliúna in Éirinn. Glacfaidh sé roinnt ama leis an chlár leasuithe a chur i bhfeidhm go hiomlán, ach athróidh sé agus atreoróidh sé an soláthar oideachais agus oiliúna le go ndéanfaidh sé freastal ar na riachtanais atá ag daoine in Éirinn sa lá atá inniu ann. Is athrú suntasach a bheidh ann d'ETB Dhún na nGall de réir mar a leanfaidh an eagraíocht ag tógáil ar an stair bhródúil seirbhíse atá ag Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall agus soláthar FÁS taobh istigh den chontae. Tá ETB Dhún na nGall ag tógáil comhiomhá branda faoi láthair agus táthar ag súil le go n-éireoidh leis a bheith ina shiombal de cháilíocht. Tá an todhcháilín dúshlán agus deiseanna le leasuithe a dhéanamh agus le próifíl na seirbhísí oideachais stáit a athrú laistigh den tír, arna soláthar trí ETB Dhún na nGall sna blianta amach romhainn.

Bhí dúshlán ag baint leis na hathruithe atá á ndéanamh ag an eagraíocht agus beidh sé sin amhlaidh amach anseo fosta, ach beidh deiseanna ann chomh maith. Beidh ETB Dhún na nGall ábalta cibé saincheisteanna a thiocfaidh aníos ó na hathruithe sin a réiteach trí obair as lámh a chéile lena pháirtithe leasmhara agus sa dóigh sin tiocfaidh sé ar cibé deiseanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn de bharr na n-athruithe atá ag titim amach ag an am céanna. Scrúdóidh, molfaidh agus cuirfidh ETB Dhún na nGall i bhfeidhm na leasuithe a bheidh de dhíth lena chinntiú go mbeidh rath ar an athrú ar fad. Tá seirbhísí reatha á n-athrú ar bhonn leanúnach agus is iomaí beart praiticiúil a rinneadh.

Taithí an-fhiúntach ba ea an próiseas a bhain lenár dtríú Ráiteas Straitéise a fhorbairt (ar a dtugtaí Plean Oideachais tráth). Chuidigh an comhairliúchán agus an díospóireacht le roinnt mhaith ball foirne agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi gach rud agus chuidigh sé le caidrimh agus tuiscint a thógail agus a láidriú ar fud na heagraíochta.

Ghlac ETB an clár oibre maidir le hathruithe chuige féin agus is féidir linn neart dul chun cinn agus ratha a cheiliúradh. Glacaimis an teideal *Lean ar Aghaidh* chugainn féin anois agus leanaimis leis an obair mhór atá le déanamh againn san am atá le teacht.



# etb

Bord Oideachais agus  
Oiliúna Dhún na nGall  
*Donegal Education and  
Training Board*

## www.donegaletb.ie

Oifigí Riaracháin, Ard Uí Dhomhnaill, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall

T: 074 9161600 E: info@donegaletb.ie



Donegal ETB



@DonegalETB

#WeAreDonegalETB #IsMuidETBDhúnnanGall



Donegal ETB




Donegal ETB

[www.linkedin.com/company/donegaletb](http://www.linkedin.com/company/donegaletb)



### Donegal ETB Schools and Further Education & Training (FET) Centres



#### School Map – Clockwise from Moville

1.	Moville Community College	Moville
2.	Crana College	Buncrana
3.	Coláiste Chineál Eoghain	Buncrana
4.	Coláiste Ailig	Letterkenny
5.	Errigal College	Letterkenny
6.	Deele College	Raphoe
7.	Finn Valley College	Stranorlar
8.	Gairmscoil Chú Uadh	Béal an Átha Móir
9.	Abbey Vocational School	Donegal Town
10.	Magh Éire College	Bundoran
11.	St. Catherine's Vocational School	Killybegs
12.	Coláiste na Carráige	An Charraig
13.	Gairmscoil Mhíe Dláimada	Oileán Árann Mhóir
14.	Coláiste Phobail Cholmcille	Oileán Thoraí
15.	Mulroy College	Milford

#### FET Centres - Clockwise from Glengad

1.	Youthreach Centre	Glengad
2.	AETC Buncrana	Buncrana
3.	Youthreach Centre	Buncrana
4.	AETC Letterkenny	Letterkenny
5.	Errigal College (PLC)	Letterkenny
6.	Training Centre Letterkenny	Letterkenny
7.	Youthreach Centre	Letterkenny
8.	Youthreach Centre	Lifford
9.	Finn Valley Centre for Education	Stranorlar
10.	Finn Valley College (PLC)	Stranorlar
11.	AETC Donegal Town	Donegal Town
12.	Ard Scoil na gCeltre Mábúir	Donegal Town
13.	AETC Ballyshannon	Ballyshannon
14.	Training Centre Gweedore	Gaoth Dobhair
15.	St Catherine's Vocational School (PLC)	Killybegs
16.	AETC Gortahork	Gort a'Choice
17.	AETC Milford	Milford



EUROPEAN UNION  
Investing in your future  
European Social Fund



Ireland's European Structural and  
Investment Funds Programmes  
2014-2020  
Co-funded by the Irish Government  
and the European Union